AMÁRAĊ

3d

Iml. 11. Uim. 39.

Dé hAoine, Samhain, 1965.

Ġuṫ na Gaeltaċta

Foillsiṫe gaċ Diardaoin.
Nuaċtán seaċtainiúl na Gaeltaċta.
Aḃar fógraíoċta agus eagarṫóireaċta ċuig:— AMÁRAĊ, Ceanannus Mór.

EAGARFOCAL 5-11-1965

Éagcoṫrom Dúbailte

Tá píosa nuaíoċta ins an eagrán seo. Tugaimíd na figiúirí rátaí fó ċoinne na gceiṫre contaeṫa Gaeltaċta agus fá ċoinne contaeṫa áiṫrid ins an ċuid eile den tír. Ó na figiúirí sin ċífear go ḃfuil na rátaí sa ṗunt is áirde sa tír ar fad ins na ceiṫre contaeṫa Gaeltaċt, ins an órdú Muiġeo, Ciarraí, Tír Ċonaill agus Gaillim. Is ceist sin a caiṫfeaḋ imní a ċur ar ḋaoine tuisceanaċa i gcás ar biṫ go mbeaḋ na rátaí níos aoirde ins na Gaeltaċta nó i gceantar ar biṫ eile. Aċ téann an scéal níos doiṁne agus tá an scéal níos práinniġ ná sin féin. Is aṁlaiḋ go ḃfuil na rátaí níos aoirde agus na seirḃísí níos measa ins na contaeṫa seo. Tá ráta 35s. 5d. i gContae na Miḋe agus tugann sé isteaċ idir £500,000 agus £600,000. Ní ṫugann na rátaí de dúblú an ṁéid sin 72s., 74s., 76s. agus 79s. ins na contaeṫa Gaeltaċta, aċ macasaṁail an méid céanna airgid. Tá an pobal i ḃfad i ḃfad níos mó ins na contaeṫa seo na Gaeltaċta agus is pobal iad go ḃfuil i ḃfad níos mó seirḃísí ag teastáil uaṫa idir seirḃísí sláinte ⁊ eile toisc gur pobal níos boiċte iad. Aċ níl an t-airgead ann le freastáil orṫu agus is measaide de an scéal nó na figiúirí seo féin, mar tá deontaisí Stáit fá ċoinne cúrsaí sláinte, fá ċoinne cúrsaí oideaċais agus fá ċoinne gaċ cineál seirḃísí dá leiṫéid ag braṫ ar an méid airgid a tógtar ar na rátaí punt ar punt nó cóiṁeas éigin eatarṫu, agus toisc an ganntanas de airgead rátaí tá ganntanas de airgead Stáit coṁ maiṫ agus níonn sé seo an scéal ḋá uair ċoṁ holc agus atá leis an ganntanas ó airgead rátaí.

MAR SIN DE, DEINEANN AN STÁID DE RÁTAÍ ḋá uair ċoṁ hárd leis an ċuid eile den tír agus seirḃísí leaṫ ċoṁ hárd agus atá sa ċuid eile den tír ins na contaeṫa Gaeltaċta agus toisc go ḃfuil níos mó agus níos mó seirḃísí pearsanta ag teaċt isteaċ faoi na Coṁairlí Contae is ag éirí níos measa atá an scéal ċuile ḃlian. San áit naċ raiḃ aċ ardú cúpla scilling ar rátaí na Mí, mar ṡompla ó anuraiḋ go dtí i mbliana, ḃí ardú 10s. i rátaí Ṁuiġeo agus Ciarraí. Ní féidir ligint don scéal leanúint a ṫuile. Caiṫfear ġníoṁ a ḋéanaṁ agus sé bun rúta an scéil nó an éagċoṫrom idir pobal agus saiḃreas nó maoin.

I GCONTAE AN MIḊE SÉ AN MEÁN LUAĊÁIL de réir an duine timpeall £12 go dtí £13, aċ ins na ceantair Gaeltaċta sé an meán luaċáil an duine timpeall 12s. 6d. Sin bun rúta an scéil agus is rud é a gcaiṫfiḋ Rialtas ar biṫ aġaiḋ a ṫaḃairt air agus aire a ṫaḃairt dó láiṫreaċ. Níl aon rud a ḋéanfaḋ leiġeas ar an scéal aċ socrú a ḋéanaṁ agus ciste a ḃunú leis an ḃreis os cionn an meán ráta náisiúnta a íoc do na contaeṫa boċta, rud a rinneaḋ i dtíorṫaí eile agus a ḃéaḋ ceart is cóir san tír seo coṁ maiṫ. A luaiṫe a déanfar é sé is fearr, agus más mall is miṫid.

Oileán Eile Tréiġṫe

Tá na soilse as in Acaill Beag anois

An tseaċtain seo caite, d'imiġ an cuid deireanaċ de ṗobal as Acaill Beag agus tá na tiṫe dorċa anois, aċ aṁáin teaċ an tsoluis.

Is uaigneaċ aṁarc amaċ ar an Oileán breá seo, san oíċe, agus gan aċ an solus aṁáin ag lonnraḋ ann, áit a mbíoḋ soilse na dtiṫe cónaí ag lonnraḋ treasna an uisce, agus is measa é sa lá. nuair a aṁarcann tú amaċ ar an oileán álainn agus na tiṫe dúnta ann, agus gan neaċ beo na ċónaí ann.

Don ċéad uair le céadta bliain, tá an t-oileán seo fágṫa gan daoine, agus Dé Doṁnaiġ seo caite, ní raiḃ turas ar biṫ amaċ ag pobal an oileáin ón trá sin, amaċ ċuig Cill Daṁnait 'un Aifrinn. Ní raiḃ bádaí ar biṫ dá dtarraingt suas ar an tráiġ, nó fuaim na maidí ráṁa ag tarraingt treasna ar an ċéiḃ ṁór.

Cuireaḋ na coṁlainn suas ar cuid fuinneógaí Ṗeadar Uí Ġallċoḃair, Dé hAoine, an teaċ deireanaċ a fágaḋ folaṁ ar an oileán, nuair a ċuaiġ Peadar agus a deirfiúr, Áine. amaċ go dtí Sraiṫín. Roiṁe sin, ceann ar ċeann, do ḟolaṁaiġ na 24 tiṫe eile. Ḃí deireaḋ leis an imirce agus ḃí Acaill Beag bánaí.

Ḃí uair ann go raiḃ an 24 tiṫe seo agus teallaċ bríoṁar in gaċ ceann acu. Pobal saoṫaraċ, tíosaċ ab ea iad. Ṡaoṫraiġ siad a gcuid ar feilméireaċt agus iascaireaċt, agus an méid a ṫuill siad ar obair séasúraċ i Sasana.

Ḃí clú ar Acaill Beag de ṫair-ḃe ċoṁ maiṫ agus a ḃí an t-eallaċ agus na caoirí ann, agus ḃain siad bárr maiṫ fataí as an talaṁ. Tugaḋ aire ṁaiṫ do na gaḃaltaisí beaga, agus cuireaḋ neart leasa orṫa, go h-áiṫrid, neart den ḟeaṁainn. Ḃí capall in beagnaċ gaċ teaċ, agus bád ag muintir gaċ tí.

Móin

Ḃí trioblóid acu leis an ṁóin, ceart go leor, ḃí tarraingt fada fríd sáile, agus faoin droiċead ag Gob a' Ċoire, dá mbeaḋ an ġaoṫ in aġaiḋ. Ar an oileán ḃí ar na mná obair fir a ḋéanaṁ, aċ le blianta beaga anuas, d'aṫraiġ an mód oibre; tugaḋ an ṁóin go Cloċ Mór, ar lorraiṫe, agus tugaḋ treasna go Acaill Beag í i mbádaí ráṁa. Ní raiḃ feiḋm leis na seolta níos mó, agus cuireaḋ i dtaisce iad, nó baineaḋ úsáid asta mar clúdaí do cruaċa féin.

Ṫosaiġ an dream óg ag imeaċt. Ḃí an obair ag éirí níos éasca do na daoine sa ḃaile.

Tubaist

Ċúig bliana ó ṡin, ṫáinig an taisme mór, nuair a báiṫeaḋ aṫair óg de ċuid an oileáin, agus é ag teaċt treasna ó tír mór. Fágaḋ a ḃaintreaċ agus díleaċtaí ⁊ a ṁáṫair, gan fear saoṫraiṫe díoḃṫa, agus ċaill an t-oileán duine de na fir ab' ḟearr ann.

Tréigint

D'ḟág Seán Cill Ḃán agus a ṫeallaċ, agus ċeannaiġ siad teaċ ag Gob a' Ċoire; ċuaiġ Antoine Ó Máille amaċ go dtí an Corrán; Pádraic Ó Gallċoḃair, go Cloċ Mór, Seán Cill Ḃán go Cloċ Mór, Tomás Ó Corragáin go Béal Fearsaid.

Déiḋ ar ndéiḋ, d'imiġ na daoine uilig as an oileán, agus oíċe Aoine seo caite, casaḋ an eoċar san doras ag an teaċ deireanaċ a raiḃ daoine ann.

Gan Pósaḋ

Is brónaċ an scéal é seo. Ḃí anró agus cruatan anseo san am a ċuaiġ tart, aċ, ba é an t-oileán an baile ag luċt an oileáin i gcónaí. Ḃí tiṫe seascarṫa acu coṁ maiṫ, le gléasanna agus aiseanna nua-aoise an gás, leictreaċas agus eile, aċ, ní ṫiocfaḋ le rud ar biṫ déanaṁ suas fá ċoinne imirce, na ḃfear óg agus na mban óg.

Ní raiḃ pósaíoċa ar biṫ sa ḃaile, agus is beag a ḃí fágṫa don tsean ṁuintir le baint as an tsaol. Nuair a ḃí an dream óg ar ṡiúl, ḃí sé níos dainséaraí dul treasna an píosa uisce i mbáo ráṁaiġ. Níor ḃfurasta cúl a ṫaḃairt leis an oileán. Ḃí tarraingt ag an ċroí i gcónaí go dtí an áit a raiḃ siad cleaċtaiṫe leis, agus cuiṁne na marḃ agus na nglún a ḃí ansin rompa, ag treisiú leis.

Ba Ċrua an Scaraḋ

Ba dóiliġ eoċair a ċasaḋ sa doras don uair ḋeireanaċ, agus coṁlaí a ċur suas ar na fuinneogaí. Ḃí sé cosúil le ḃeiṫ ag fealla ar an dream a ḃí ann rompa; ag fealla ar bealaċ beaṫa a ḃí ag a sinsir le fada. Ba ċrua an saoṫar a cuireaḋ isteaċ ins na gaḃaltaisí beaga, agus i dtógáil na dtiṫe, agus anois, b'éigin díoḃṫa aġaiḋ a ṫaḃairt ar tír mór, agus tiṫe úra a ṫógáil.

Agus ní ḃfuair siad cuidiú ar biṫ. B'éigin díoḃṫa féin iomlán an ċostais a ṡeasaṁ, gan deontaisí, ná liúntaisí de ċineál ar biṫ, ná gaḃaltaisí a ċur ar fáil díoḃṫa mar a rinneaḋ le muintir Inis Ciaiḋ, Inis Muirí agus Inis Airc. Agus ḃí ar muintir Acaill Beag, ní h-ionann agus daoine eile, rátaí iomlána íoc ḟad is ḃí siad ar an oileán. Ḃeiṫfí ag súil go dtaḃarfaḋ Coimisiún na Talún. gaḃaltaisí nua díoḃṫa nó go dtaḃarfaí cúiteaṁ de ċineál éigin do na daoine atá anois gan baile gan áit. Áit naċ ḃfuil cinnteaċt ná coigilteas ar biṫ acu, i ndeireaḋ a saoil.

Caḃair

Cinnte, ba ċeart rud éigin a ḋéanaṁ don ṗobal a d'ḟág an t-oileán agus cinnte, ba ċeart maċnaṁ a ḋéanaṁ anois féin ar na h-oileáin eile, agus go h-áiṫrid na hoileáin Ġaeltaċta, atá ann fós, aċ atá ag claonaḋ an treo céanna. Muna gceaptar slí gur féidir leis na daoine pósaḋ agus socrú síos sa ḃaile, agus páiġe na seaċtaine a ṫógáil sa ḃaile, mar ní siad in Albain.

Port na Gaillime

Scéim Forbarṫa Seaċt Milliún Punt

Is fada fada "AMÁRAĊ" ag cur síos gur ġá mór forḃairt a ḋéanaṁ ar ċuan agus port na Gaillime, agus naċ raiḃ ann aċ greimíneaċt a ḃeiṫ ag dul ar aġaiḋ leis an scéim beag £340,000.

Is cosúil go ḃfuil sé a' dul i ḃfeiḋm agus go ḃfuil daoine údarásaċa a teaċt ar an tuairim céanna anois.

An tseaċtain seo caite, ċuir an Máistir Poirt, an Leas Ċeannfort Séamas de Faoite, plean £7m. fá ċoinne forbairt port na Gaillime, os coṁair Bord an Ċuain.

Dúirt sé nár ṁiste a ḃeiṫ ag pleanáil agus ag ullṁú don am a ḃí le teaċt anois go raiḃ an oiread sin cainte cúrsaí pleanála. Dár leis insan plean s'aiġe-san naċ raiḃ de ċaoi ann leis an port do leaṫnú aċ amaċ i dtreo an Ċladaí agus Nimmo's Pier.

Ċuige seo, adúirt sé, ba ġá sruṫ láidir ó ḃéal na Coiribe a aṫrú ar ṡiúl ó Nimmo's Pier, agus ṁol sé go gcuirfí an sruṫ sin fríd an Ṗáirc Ṫeas.

Oileán na gCaorach

Ba é an dara céim insan scéim ollṁór seo, ná baḋḃán a tógaint mar cosaint uisce, agus briseaḋ tonnta ón Ṗáirc Ṫeas go dtí Oileán na gCaorach.

Ba ar Oileán na gCaorach anseo a ḃí plean Ṁuintir na Gaeltaċta, agus plean AMÁRAĊ bunaiṫe ón gcéad lá 'riaṁ.

Glanaḋ

Ċaiṫfí glanaḋ a ḋéanaṁ ansin, adúirt sé, tré triantán mór farraige an ceann ṫoir ṫuaiḋ de Oileán na gCaorach, go dtí Nimmo's Pier. Agus d'ḟéadfaí an ċarraig agus an láṫaċ a ḃainfí as, a úsáid le talaṁ a ḟáil ón ḟarraige idir Oileán na gCaorach, Nimmo's Pier agus an Ṗáirc Ṫeas. Ḃéarfaḋ sin triantán mór de ṫalaṁ nua, agus leis seo d'ḟéadfaí áit feistiṫe 6.000 troiġ a ḃeiṫ ann, le 3,000 troiġ de ullaṁ leis na línéirí is mó agus na h-iompráin ṁóra a ġlacaḋ.

Ṁol an Máistir Poirt scéim eile, a ḋéanfaḋ aṫrú ar traċt na Gaillime i gceantar na duganna, ċoṁ maiṫ.

San scéim sin, ḃí droiċead ollṁór ó deireaḋ na duganna ċuig Bóṫar Loċ Atalia, i Nimmo's Pier.

Tá an plean seo bunaiṫe ar an ṗlean a ḃí san ṗáipéar seo trí bliana ó ṡin, go mbeiṫfí ag cuiṁniú ar na longais ollṁóra agus tainceírí ollṁóra a ṫaḃairt isteaċ go dtí Oileán na gCaorach agus go mbeaḋ ancaireaċt ansin fá ċoinne na longas.

Oibríṫe Foraoiseaċta

B'iad uiṁir na n-oibríṫe foraoiseaċta i gceantar Gaeltaċt Ḋún na nGall deire Márta seo caite nó 23 ag Cill Cárṫa, 30 ag Mín na Ruaiḋe, 10 ag Droiċead an Rilinn. 36 ag an Ṁaol Ruaiḋe, 6 ag Gaoiṫbearra agus 14 ag Árd a' Ráṫa. I nGaillim ḃí 22 ag Gleann na Cluaise, 7 i nGleann an Ṁáma agus 33 ag Conga. I gCiarraí ḃí 24 i gceantar Caṫair Saiḋḃín agus 5 i gceantar Caisleán Griaire. I Muiġeo ḃí 4 ag Duḃ Loċa, 5 ag Gleann Buaiḋe agus 9 ag Tuar Ṁic Éada.

San tseaċtain a ċríoċnaiġ ar an 17-9-65, b'iad seo na huiṁreaċa a ḃí ag obair: ráta pá bonus san uair, taréis na nuiṁreaċa: Árd a' Ráṫa, 15 (8); Gao' Ḃearra 17 (8); Gaoṫ Doḃair 15 (9½); Cill Cárṫa 28 (8); Mín an Ruaiḋe 29 (7½); Maol Ruaiḋe 23 (7½); Rilinn 11 (9½); Gaillim—Aḃainn na Cluaise 225 (7); Gleann an Ṁáma 6 (4½); Cong 34 (5½). Ciarraí — Caṫair Saiḋḃín 29 (8); Caisleán Griaire 14 (8). Muiġeo—Duḃ Loċ 8 (5½); Gleann na Muaiḋe 8 (4½); Tuar Ṁic Éide 7 (7½). Ba é bun ráta pá de oibríṫe foraoiseaċta £7-15s. sa tseaċtain.

Punta

Cad is fiú an punt inniu? Ceist a ċuireann daoine go minic orṫu féin ag dul 'un tsiopa nó ag pilleaḋ uaiḋ. Seo mar atá an scéal. Ċeannuíoḋ nóta punta na bliana seo oiread earraí agus a ċeannuíoḋ 15s. 6d. sa ḃliain 1957, nó 5s. 6d. sa ḃliain 1932.